**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae Bhaile Átha Cliath**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 833 logainm i gContae Bhaile Átha Cliath. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá ainmneacha na bpríomhshráideanna san áireamh freisin. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Thiobraid Árann agus Lú. Micheál Holmes as Baile Phib a chuir fuaim le logainmneacha Bhaile Átha Cliath.

Is suíomh Gréasáin é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 1.9 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (517 cuardach), is é *Blackrock* an dara ceann is coitianta (375), agus tá *Derry* sa tríú háit (371). Tá *Tallaght* sa cheathrú háit, le 351 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae Bhaile Átha Cliath go dtí seo ná *Dublin* le 517 cuardach, *Blackrock* le 375, *Tallaght* le 351 agus *Crumlin* le 326 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire Ó Cuív: "Is iontach an acmhainn ar líne www.logainm.ie agus, ó seoladh an suíomh i mí Dheireadh Fómhair 2008, tá ag éirí thar cionn leis. Is cuid lárnach agus bhunúsach dár stair agus dár bhféiniúlacht iad na logainmneacha, agus ciallaíonn an suíomh Gréasáin seo go bhfuil an taighde cuimsitheach agus na sonraí cartlainne atá bailithe le chéile ag an mBrainse Logainmneacha ar fáil saor in aisce do chuile dhuine, is cuma cá bhfuil siad ar domhan. Tá mé cinnte go mbeidh an-tóir ar shráidainmneacha Bhaile Átha Cliath agus is maith an áis bhreise iad don suíomh Gréasáin. Tagann sráidainmneacha ár bpríomhchathrach as réimse éagsúil foinsí agus tionchair agus beidh sé an-áisiúil anois go mbeidh na leaganacha cinnte Gaeilge ar fáil ar líne i bhformáid atá an-éasca le húsáid."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.